



AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

ARDTEISTIMÉIREACHT

RÚISIS  
SIOLLABAS

(GNÁTHLEIBHÉIL AGUS ARDLEIBHÉIL)

# CLÁIR NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

## Aidhmeanna agus Prionsabail

- Is í aidhm ghinearálta an oideachais ná cur le forbairt ghnéithe uile an duine, lena n-áirítear gnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha, criticiúla, cultúrtha, mothúchánacha, eispriseacha agus intleachtúla le haghaidh an tsaoil phearsanta agus sa bhaile, le haghaidh saol na hoibre, le haghaidh maireachtáil sa phobal agus le haghaidh fóillíochta.
- Cuirtear Cláir na hArdteistiméireachta i láthair laistigh den aidhm ghinearálta seo, agus le béim ar leith ar mhic léinn a ullmhú do riachtanais an oideachais bhreise nó na hoiliúna, d'fhostaíocht agus dá ról mar shaoránaigh rannpháirteacha treallúsacha.
- Is í aidhm gach clár Ardteistiméireachta leanúnachas le clár an Teastais Shóisearaigh agus dul chun cinn uaidh a chur ar fáil. Féadtar go n-athraíonn an t-ualú coibhneasta a thugtar do na comhpháirteanna éagsúla - m.sh. forbairt phearsanta agus shóisialta (lena n-áirítear forbairt mhorálta agus spioradálta), gairmstaidéir agus ullmhúchán d'oideachas breise agus do shaol an aosaigh agus na hoibre - laistigh de na cláir.
- Maireann na cláir a mbíonn dámhachtain na hArdteistiméireachta mar thoradh orthu dhá bhliain agus tairgtear i dtrí fhoirm iad:
  - An Ardteistiméireacht (Bunaithe)
  - Gairmchlár na hArdteistiméireachta
  - An Ardteistiméireacht Fheidhmeach
- Cuireann gach clár na hArdteistiméireachta béim ar thábhacht na rudaí a leanas, agus iad ag cur le hoideachas ardchaighdeán:
  - foghlaim féin-stiúrtha agus smaoineamh neamhspleách
  - meanma an fhiosraithe, smaointeoireacht chriticiúil, fadhbréiteach, féintuilleamaí, tionscnaíocht agus fiontraíocht
  - ullmhúchán d'oideachas breise, do shaol an aosaigh agus na hoibre
  - foghlaim ar feadh an tsaoil

## An Ardteistiméireacht (Bunaithe)

Tairgeann clár na hArdteistiméireachta (Bunaithe) oideachas leathan cothrom do mhic léinn agus fágann sé spás do roinnt speisialtóireachta san am chéanna. Cuirtear siollabais ar fáil i réimse leathan d'ábhair. Tairgtear gach ábhar ag an nGnáthleibhéal agus ag Ardleibhéal. Ina theannta sin, tairgtear Matamaitic agus an Ghaeilge ag an mBonnleibhéal.

Baintear úsáid as an teistiméireacht chun críche roghnaithe d'oideachas breise, d'fhostaíocht, d'oiliúint agus d'ardoideachas.

## Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCA)

Is idirghabháil é Gairmchlár na hArdteistiméireachta laistigh den Ardteistiméireacht (Bunaithe). Déanann mic léinn GCA íoslíon de chúig ábhar (ag Ardleibhéal, Gnáthleibhéal nó Bonnleibhéal), lena n-áirítear an Ghaeilge agus dhá ábhar ó ghrúpálacha de ghairmábhair shainithe. Tá sé riachtanach dóibh fosta cúrsa aitheanta a dhéanamh i dteanga Eorpach nua-aimseartha, seachas an Ghaeilge nó an Béarla. Ina theannta sin déanann mic léinn trí Nasc-Mhodúl ar Oideachas an Fhiontair, ar Ullmhúchán d'Obair agus ar Thairgí Oibre.

Go háirithe, is í aidhm an GCA meanma na fiontraíochta agus na tionscnaíochta a chothú i mic léinn agus a scileanna idirphearsanta, gairme agus teicneolaíochta a fhorbairt.

## An Ardteistiméireacht Fheidhmeach

Is clár Ardteistiméireachta sainiúil féin-chuimsitheach é an Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Tá sé deartha do na mic léinn siúd nach mian leo dul ar aghaidh go díreach go hardoideachas nó dóibh siúd nach ndéantar freastal imleor ar a riachtanais, a mianaidhmeanna agus a n-inniúlachtaí ag an dá chlár Ardteistiméireachta eile. Tá an Ardteistiméireacht Fheidhmeach bunaithe timpeall ar thrí chomhpháirt príomha - Gairmullmhúchán, Gairmoideachas agus Oideachas Ginearálta atá idirghaolmhar agus idirspiléach. Is iad príomhthréithe an chlár seo ná eispéiris oideachasúla de nádúr gníomhach, praiticiúil agus dírithe ar an mhac léinn.



**ARDTEISTIMÉIREACTH**

# RÚISIS

(GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL)

## Réamhrá

### Creatlach an Chomhshiollabais

Tá Siollabas Rúisise na hArdteistiméireachta bunaithe ar chreatlach chomhshiollabais chun Fraincis, Gearmáinis, Spáinnis agus Iodáilis a mhúineadh agus a scrúdú. Siollabas 'cumarsáideach' atá ann sa mhéid is go bhfuil sé bunaithe ar na rudáí sin a bheadh ag teastáil ó fhoghlaimoirí, nó riachtanach do na cúinsí sin a mbeadh siad ag súil an t-eolas agus na scileanna a fhoghlaimíonn siad sa rang a úsáid chucu. Tá sé cumarsáideach freisin sa mhéid is go leagtar amach spriocanna an

tsiollabais i dtéarmaí úsáidte teanga. Cibé ar bith, níl sé "cumarsáideach" ar bhealach cúng a shrianann an cumarsáid bhéil duine go duine. Ní séanadh inghlactha é ach an oiread ar léirmhúinteoireacht faoin sprioctheanga agus cultúr; agus go deimhin, is a mhalairt atá i gceist.

## CLÁR ÁBHAIR

|  |    |   |    |
|--|----|---|----|
| <b>Réamhrá</b>   | 3  | <b>2. Cuspóirí Iompraíochta Feasacht Teanga</b>   | 23 |
| <b>Aidhmeanna Ginearálta</b>   | 6  | Foghlaim faoin teanga ó ábhar sa teanga sin   | 24 |
| <b>1. Cuspóirí Iompraíochta Bunoilteacht Cumarsáide</b>  | 7  | Brí agus bríonna a scrúdú   | 25 |
| Bualadh le daoine agus aithne a chur orthu agus caidreamh sóisialta a choinneáil leo                         | 8  | An ceangal idir teanga agus dearcadh a thuiscint  | 26 |
| An clann agus an teaghlach a phlé  | 10 | Labhairt agus scríobh faoin taithí atá agat ar an sprioctheanga   | 27 |
| Ceisteanna a chur faoi nádúr an réigiúin nó na háite ina bhfuil cónaí ar dhuine nó cur síos a dhéanamh orthu | 11 | Ábhair thagartha a scrúdú (foclóirí agus leabhair ghramadaí mar shampla) a bhaineann le foclóir agus gramadach na sprioctheanga               | 28 |
| Labhairt faoi fhoghlaim  | 11 | <b>3. Cuspóirí Iompraíochta Feasacht Chultúrtha</b>   | 29 |
| Fiafraí faoi agus cur síos a dhéanamh ar chúrsaí oibre   | 12 | Foghlaim sa sprioctheanga faoi chultúr reatha atá gaolmhar leis an sprioctheanga  | 30 |
| Fiafraí faoi agus cur síos a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí áineasa   | 13 | Léamh ó shliochtanna nua-aimseartha éagsúla (úrscéalta, gearrscéalta, dánta agus drámaí go sonrach) sa sprioctheanga                          | 31 |
| Pleananna a cheapadh agus díospóireacht a dhéanamh faoi ghníomhú sa todhchaí                                 | 14 | Cur síos agus plé a dhéanamh ar chúrsaí an tsaoil a bhaineann le pobal na sprioctheanga   | 32 |
| Labhairt faoi eachtraí i saol na ndaoine   | 15 | Gnéithe den chaidreamh idir pobal na sprioctheanga agus Éirinn a thuiscint, cur síos a dhéanamh orthu agus iad a phlé                         | 33 |
| Déileáil le cúrsaí iompair agus taistil  | 16 | Ceisteanna a sháraíonn deighiltí cultúrtha a thuiscint, cur síos a dhéanamh orthu agus iad a phlé i dtéarmaí ginearálta chaidreamh idir pobal | 34 |
| Earraí agus seirbhísí a cheannach  | 17 | <b>4. MEASÚNÚ</b>   | 35 |
| Teachtaireachtaí a chur ar aghaidh   | 18 |   |    |
| Mothúcháin agus dearcadh a thuiscint agus a chur in iúl  | 19 |   |    |
| Comhrá a choinneáil ar siúl  | 20 |   |    |
| Páirt a ghlacadh i ndíospóireacht  | 21 |   |    |
| Teachtaireachtaí a chur ar aghaidh   | 22 |   |    |



## Réamhrá

### Struchtúr an tSiollabais

Is iad an dá phríomhchuid den tsiollabas ná na hAidhmeanna Ginearálta agus tacar de Chuspóirí Iompraíochta faoi leith. Is ó na haidhmeanna ginearálta a fhaightear na Cuspóirí Iompraíochta atá roinnte ina dtrí chuid: Bunoilteacht Chumarsáide, Feasacht Teanga, agus Feasacht Chultúrtha. Tá cur síos ar chúrsaí measúnaithe ag an deireadh faoin gceannteideal measúnú. Ar an ábhar sin tá an siollabas leagtha amach mar seo a leanas:

- Aidhmeanna Ginearálta
- Cuspóirí Iompraíochta
  - Bunoilteacht Chumarsáide
  - Feasacht Teanga
  - Tuiscint Cultúrtha
- Measúnú.

Is mar aonaid gníomhaíochtaí/téamaí atá ábhar an tsiollabais leagtha amach. Ceapadh na spriocanna feidhmíochta ar bhealach a chabhróidh le múinteoirí agus le foghlaimeoirí scéimeanna oibre a cheapadh agus a chinnteoidh go dtuigfidh foghlaimeoirí na rudaí lena bhfuiltear ag súil uathu maidir le gach téama/gníomhaíocht ginearálta. Leagfar béim ar scileanna teanga agus cumas cumarsáide na mac léinn nuair atá measúnú á dhéanamh ar a bhfuil déanta acu seachas ar eolas a bheith acu ar an bhfaisnéis atá in aon cuid faoi leith den tsiollabas. Tá cuid de na scileanna teanga agus cumarsáide, lena n-áirítear eolas gramadaí, a bheidh ag teastáil ó na mic léinn chun na Spriocanna Feidhmíochta a bhaint amach le fáil i gCuid 1, Bunoilteacht Chumarsáide mar Scileanna Teanga - Struchtúir agus Gramadach. Tá na heaspónaint seo, dar ndóigh, sainiúil do gach teanga, agus cuirtear tús le próiseas aistrithe maidir le creatlach an tsiollabais, go cleachtadh coincreiteach an tseomra ranga.

Tá cur chuige comhtháite inmholta maidir le trí chomhpháirt leathana an tsiollabais. Ba chóir do ghníomhaíochtaí an tseomra ranga, nuair is féidir, baint le níos mó na ceann amháin den trí réimse; d'fhéadfadh rogha d'ábhair dhílse áirithe fócas a

sholáthar mar shampla, le hoibriú ar dhá nó trí ghné ar bith. Cuideoidh mórán gníomhaíochtaí i gCuid 2, Feasacht Teanga, le foghlaimeoirí chun forbairt ar bhreis scileanna domhanda atá riachtanach, chun gníomhaíochtaí a chomhlíonadh mar atá leagtha amach faoi Bhunoilteacht Chumarsáide. Ceadóidh gníomhaíochtaí a ndéantar cur síos orthu faoi Fheasacht Chultúrtha, d'fhoghlaimoirí leathnú ar mhórán topaicí atá liostáilte faoi Bhunoilteacht Chumarsáide, trí chomparáidí a tharraingt, samplaí a thabhairt, cur síos a dhéanamh ar dhifriochtaí sna pobail dhifriúla, srl.

### Bunoilteacht Cumarsáide

I dtús ama, caithfear breathnuithe a dhéanamh faoi rannóga difriúla de chomhpháirt na gculpóirí iompraíochta agus a gcaidreamh lena chéile. Bunoilteacht Chumarsáide atá sa chéad chuid agus is é an chuid is mó. Baineann na cuspóirí a léirítear i gcuid 1 go príomha leis na dúshlán phraiticiúla a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag foghlaimeoir nuair a bheadh sé/sí i bpobal ina labhraítear an sprioctheanga. Ar an lámh eile, beidh baint ag a lán de na cuspóirí sa chuid seo le gníomhaíochtaí agus na díospóireachtaí ar dócha iad a bheidh ann trí úsáid na sprioctheanga sa seomra ranga.

### Feasacht Teanga

Tá na cuspóirí atá liostáilte faoi Fheasacht Teanga agus Feasacht Chultúrtha fíor-ábhartha le dúshlán cumarsáide an tseomra ranga agus an "tsaoil dáiríre, agus tá siad beartaithe le ról cumasaithe tábhachtach a bheith acu maidir le cumas réasúnaithe cumarsáide a bhaint amach. Cibé ar bith, tá rannpháirt luachmhar acu maidir le hoideachas forleathan teanga agus feidhmeanna ardaithe-coinsiasachta idirchultúrtha maidir le foghlaim na teanga iasachta.

Méadú ar fheasacht an fhoghlaimora faoi oibreacha an sprioctheanga agus faoina eispéireas féin leis an teanga, atá mar chúis bhunúsach leis na cuspóirí atá leagtha amach i gCuid 2

Tá ábharthacht cinnte ag **Feasacht Teanga**, le húsáid éifeachtach na teanga a chothú. Tá sé léirithe go ndéanann taighde ar an gcineál seo feasachta - laistigh de chomhthéacs ionchuir an sprioctheanga atá saibhir agus suimiúil - tapú ar an dul chun cinn gramadaí agus ar chruinneas foclóireachta agus ar an dul chun cinn i dtreo na héifeachtachta cumarsáide dá bharr. Is féidir le labhairt, léitheoireacht, agus scríbhneoireacht faoin sprioctheanga líofacht agus cruinneas a chur chun cinn. Chomh fada agus a bhaineann le gné an oideachais teanga, tá na cuspóirí éagsúla atá liostáilte sa rannóg deartha chun feasacht a fhorbairt, ní hamháin ar réimse saintréithe an sprioctheanga, ach ar shaintréithe ábhartha an mháthairtheanga agus teangacha eile atá ar eolas ag an bhfoghlaimoir agus dá réir, ar a laghad go pointe áirithe, feidhmiú na teanga go ginearálta. Is féidir a bheith ag súil go bhfeabhsóidh feasacht mar seo cumas an fhoghlaimora, do réimse leathan cuspóirí.

Tá sé soiléir nár chuidigh míthuiscintí áirithe an ‘cur chuige cumarsáide’ - go háirithe an tuairim nach bhfuil tuiscint agus cruinneas gramadaí ábhartha níos mó - le foghlaimoirí, agus tá an siollabas seo (trí ról breisithe na feasachta teanga i bpáirt) deartha chun leathnú scileanna níos cothroime a tháirgeadh.

### **Neamhspleáchas an Fhoghlaimora**

Tá sí d'aidhm ag a lán de na Spriocanna Feidhmíochta sa chuid den tsiollabas a bhaineann le Feasacht Teanga neamhspleáchas na bhfoghlaimoirí a chur chun cinn agus seans níos fearr a thabhairt dóibh dul chun cinn go rathúil trí na scileanna a thabhairt dóibh chun a gcuid foghlama féin a stiúradh. Cé go n-aithnítear go bhfuil sé cuiditheach do mhúinteoirí agus foghlaimoirí araon siollabas a bheith acu le hábhar sainithe, is follas nach féidir na focail agus na struchtúir sin go léir a mbuailfidh foghlaimoirí leo, nó a bheadh ag teastáil uathu nuair atá an sprioctheanga in úsáid acu, a chur sa siollabas. Beidh ar fhoghlaimoirí straitéisí caidrimh a fhorbairt chun déileáil le focail agus le struchtúir nár bhuail siad leo cheana féin. Baineann foghlaim éifeachtach teanga le raon straitéisí a úsáid chun na bríonna céanna a bhaint cosúil leis na cinn atá

sonraithe i spriocanna feidhmíochta an choda seo, agus ní amháin go mbeidh eolas teanga i gceist ach beidh eolas faoi chomhthéacs, eolas faoi chúlra agus mar sin de ag teastáil freisin. Léiríonn na spriocanna feidhmíochta cad atá le tuiscint ó fheasacht teanga sa siollabas.

### **Feasacht Chultúrtha**

Tá Cuid 3 de chomhpháirt na gCuspóirí Iompraíochta, Feasacht Chultúrtha, ilúsáideach sa tslí chéanna maidir lena húsáid fhéidearthach. Is minic go gcaithfear difríochtaí cultúrtha a thógáil san áireamh le go mbeidh rath ar chumarsáid.

Beidh sé soiléir chomh maith gur féidir le heaspa taithí ar na mórpointí tagartha cultúrtha (sóisialta, polaitiúil, stairiúil, srl.) bac a chur ar chumarsáid an chainteora neamhdhúchasaigh i bpobal an sprioctheanga. Mar is amhail le Cuid 2, tá eilimint bhreise sa réasúnaíocht do chuspóirí i gCuid 3, agus 'sé sin an tionchar fabhrach dóchúlach i dtéarmaí "ábhar teorach" a spreagadh, trí mheán an sprioctheanga. Os rud é go bhfuitear ag súil go dtacóidh na cuspóirí i gCuid 3 le hoideachas cultúrtha agus idirchultúrtha i gcoitinne baineann na cuspóirí ní hamháin le pobal an sprioctheanga ach leis an ngaol atá acu le hÉirinn agus le saol na hÉireann, agus lena chois sin déanann siad tagairt do cheisteanna sonracha cultúir agus bíonn siad ag plé le ceisteanna a sháraíonn difríochtaí cultúrtha.

### **Difreáil na Leibhéal**

Ta sonraí a bhaineann leis na scrúduithe le fáil faoin teideal Measúnú. Seachas a cheapadh nach raibh na mic léinn sin ag an nGnáthleibhéal ábalta na tascanna ar fad a bhí de dhíth ag an Ardleibhéal a chomhlíonadh, aithnítear go bhfuil riachtanais na mac léinn cumarsáid a dhéanamh sa sprioctheanga mar an gcéanna leo siúd ag an Ardleibhéal, agus bhí na cuspóirí iompraíochta ar fad tábhachtach ag an nGnáthleibhéal dá réir. Tá cur síos ar an cur chuige éagsúil maidir leis an dá leibhéal



le fáil faoin teideal difreáil na leibhéal. Cibé ar bith, trí chomhshiollabas a sholáthar, tá meas ar réadúlacht an tseomra ranga, toisc nach n-éascóidh an clár ama deighilt sa dá ghrúpa le linn teagaisc.

### **Dáileadh Ama**

Feictear go bhfuil gá le híosmhéid de 180 uair thar dhá bhliain chun ábhar a tsiollabais a theagasc. Nuair is féidir, ba chóir am breise a dháileadh, go háirithe sa chéad bhliain.

### **Conclúid**

Tá sí mar aidhm ag an siollabas gach dalta a threorú i dtreo cheithre thoradh bhunúsacha a bheidh mar thoradh ar thaithí foghlama na teanga nua sa seomra ranga:

- inniúlacht chumarsáide sa sprioctheanga
- feasacht faoi theanga agus cumarsáid
- tuiscint ar conas teanga iasachta a thuiscint
- leibhéal feasachta cultúrtha.

Tógtha le chéile, cuireann na haidhmeanna ginearálta agus na cuspóirí iompraíochta (a chuirtear in iúl mar ghníomhaíochtaí/téamaí ginearálta agus mar spriocanna feidhmíochta) comhthuaisir leathan in iúl, maidir leis an méid atá oiriúnach le clúdach i gclár teangacha nua na sraithe sinsearaigh, agus go ndéanfadh scrúdú teangacha nua na hArdeistiméireachta an leibhéal a mheasúnú go feiliúnach.

## Aidhmeanna Ginearálta

Is iad seo a leanas na haidhmeanna ginearálta a mholann an siollabas maidir le teagasc agus foghlaim na hArdteistiméireachta.

1. A leithéid de scileanna cumarsáide a chothú sna foghlaimeoirí is a chuirfidh ar a gcumas:
  - páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí sa seomra ranga trí mheán sa sprioctheanga
  - páirt a ghlacadh i ngnáth-idirbheartaíochtaí agus caidreamh laethúla idir labhartha agus scríofa sa bhaile agus thar lear
  - eolas agus taitneamh a fháil ó mheáin agus ó litríocht ar fhusa í a thuiscint sa sprioctheanga;
  - smaoineamh nárbh amaideach an maise dóibh a cheapadh go bhféadfadh siad caitheamh aimsire a bheith acu, nó tuilleadh staidéir a dhéanamh, agus/nó deiseanna gairmréime a bheith acu trí mheán na teanga sin.
2. Feasacht chriticiúil a thabhairt do na mic léinn ar an gcaoi a eagraítear brí agus a chuirtear in iúil í trí fhoclóir agus struchtúir an sprioctheanga, agus cabhrú leo dá réir, tuiscint a bheith acu ar an gcaoi a fheidhmíonn teangacha i gcoitinne.
3. Cabhrú le foghlaimeoirí straitéisí a fhorbairt chun teangacha a fhoghlaim go héifeachtach.
4. Tuiscint leathan a thabhairt d'fhoghlaimeoirí ar éagsúlacht na comhthéacsanna cultúrtha, sóisialta agus polaitiúla ina bhfuil an sprioctheanga in úsáid mar ghnáthmhodh cumarsáide agus cabhrú leo dá réir, tuiscint a bheith acu ar éagsúlacht chultúrtha, sóisialta agus polaitiúil i gcoitinne.

**ARDTEISTIMÉIREACT RÚISIS**

**1. CUSPÓIRÍ IOMPRAÍOCHTA**  
**BUNOILTEACT**  
**CHUMARSÁIDE**

# 1. BUNOILTEACHT CHUMARSÁIDE

## 1.1 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

Casadh le daoine, aithne a chur orthu agus caidreamh sóisialta a choinneáil leo

### Spriocanna Feidhmíochta

- Leithscéalta a ghabháil
- Fiafraí cén chaoi a bhfuil duine
- Faisnéis a lorg
- Duine a lorg ar an nguthán
- Comhghairdeas a dhéanamh le duine
- Cur síos ar cheanúlachtaí agus mícheanúlachtaí, díol spéise agus bealaí caitheamh aimsire
- Sonraí pearsanta a thabhairt agus lorg: ainm, seoladh, náisiúntacht, uimhir theileafóin agus gairm bheatha
- Beannú do dhuine agus slán a rá leo
- Tríú pearsa a chur in aithne do dhuine
- Teachtaireacht a fhágáil do dhuine (glao gutháin agus téacs)
- Leithscéalta a dhéanamh
- Mionchaint a dhéanamh
- Casadh le duine (tú féin a chur in aithne agus freagairt)
- Buíochas a ghabháil
- Rath a ghuí ar dhuine

### Scileanna Teanga

- Feasacht a fhorbairt faoi oiriúnacht na sainréime teanga
- Feasacht ar ghnásanna poncaíochta a fhorbairt
- Úsáid cheart na bhfoirmeacha ceiste agus na bhfreagairtí oiriúnacha a fhorbairt.
- Úsáid cheart na bhfoirmí béasaíochta a fhorbairt

### Struchtúir agus Gramadach

Úsáid an ты/вы  
 Bealaí foirmeálta agus neamhfhoirmeálta aithisc  
 Foirmeacha aithisc (aghaidh ar aghaidh, i litreacha)  
 Foirmeacha beannaithe  
 Saoire a thógáil (aghaidh ar aghaidh, i litreacha)  
 Úsáid an chomhartha uailbhreasa i mbeannachtaí  
 Úsáid na tuine cainte  
 Úsáid ar fhoirmeacha na gceisteanna  
 Кто вы по национальности/по профессии?  
 Где вы родились/живете/учитесь/работаете?  
 Когда вы родились?  
 Кем вы работаете?  
 Сколько вам лет?  
 Как дела?/Как жизнь?/Как вы?  
 Скажите, пожалуйста,...  
 Простите, вы не скажете,...  
 Передайте, пожалуйста,...  
 Извините/Простите, пожалуйста,...

• SIOLLABAS RÚISISE NA hARDTEISTIMÉIREACHTA •

- Feasacht ar an gcóras labhartha a fhorbairt
- Feasacht ar chóras na dtuiseal a fhorbairt

- Déileáil le huimhreacha

Aimsir Láithreach agus Aimsir Caite  
Можно Ивана./Попросите Ивана.  
Поздравляю с ...  
Желаю Вам...  
Я люблю...  
Мне нравится...  
Спасибо за.../Извините за...  
uimhreacha

## 1.2 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

### An clann agus an teaghlach a phlé

#### Spriocanna Feidhmíochta

- Cur síos a dhéanamh ar theaghlach agus cairde dhuine
- Cur síos a dhéanamh ar stair na clainne ag duine
- Cur síos a dhéanamh ar theach dhuine
- Fiosrú faoi agus cur síos a dhéanamh thionóil teaghlaigh
- Fiosrú faoi chlann agus cairde dhuine eile
- Fiosrú faoi theach dhuine eile

| Scileanna Teanga   | Struchtúir agus Gramadach  |
|--|--|
| <ul style="list-style-type: none"> <li>• Seilbh a chur in iúl</li> </ul>   |  |
| <ul style="list-style-type: none"> <li>• Déileáil le huimhreacha</li> <li>• Séanadh a chur in iúl</li> <li>• Aois a chur in iúl</li> <li>• Dátaí a chur in iúl</li> <li>• Am a chur in iúl</li> <li>• Gnáthiompraíocht/iompraíocht ghnáthaimh a chur in iúl</li> <li>• Suíomh a chur in iúl</li> <li>• Díchódú a dhéanamh ar fhoirmeacha giorraithe teanga, m.sh. i bhfógraíocht</li> <li>• Dul i dtaithí ar ainmneacha na saoire poiblí</li> <li>• Dul i dtaithí ar ainmneacha na seomraí, an troscáin agus na bhfeistias</li> <li>• Dul i dtaithí ar ainmneacha na miasa coitianta (go háirithe cinn a bhaineann le himeachtaí/féilte speisialta)</li> </ul> | <p>У меня (есть)...</p> <p>У нас дома (есть)...</p> <p>Два брата, три сестры</p> <p>У меня нет...</p> <p>Мне ... год/года/лет.</p> <p>В ... году.</p> <p>В ... час/часа/часов</p> <p><b>Gné neamhfhoirfe</b></p> <p>Что где находится/лежит/стоит/висит?</p> |
|  |  |

## 1.3 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

### Ceisteanna a chur faoi nádúr an réigiúin

nó na dúiche ina bhfuil cónaí ar dhuine nó cur síos a dhéanamh orthu

#### Spriocanna Feidhmíochta

- Fiosrú faoi agus cur síos a dhéanamh ar réigiún nó dúiche (na saintréithe, an riocht maidir le háiteanna eile, foinsí eitneacha an daonra, áiseanna poiblí agus iompar poiblí)
- Fiosrú faoi agus cur síos a dhéanamh ar phatrún ginearálta aimsire i dtír, réigiún nó dúiche áirithe
- Fiosrú an mbeidh gníomhaíochtaí áirithe (m.sh. scáil, scátáil, seoltóireacht, curachóireacht, fánaíocht) indéanta faoi choinníollacha aimsire áirithe

| Scileanna Teanga   | Struchtúir agus Gramadach   |
|--|---|
| <ul style="list-style-type: none"> <li>• Máistreacht ar réimse leathan foclóra maidir le téarmaí tíreolaíochta <ul style="list-style-type: none"> <li>– Nathanna aimsire</li> <li>– Úsáid ar fhaisnéisí neodair sa bhfoirm ghearr: <ul style="list-style-type: none"> <li>– Náisiúntachtaí</li> <li>– Áiseanna poiblí</li> <li>– Saoráidí iompair phoiblí</li> <li>– Nósanna agus Traidisiúin</li> </ul> </li> </ul> </li> <li>• Míán a chur in iúl</li> <li>• Cúis a chur in iúl</li> <li>• Céimeanna comparáide</li> </ul> | <p>На севере, к северу от...<br/> Область, район, город, село, поселок, графство<br/> Море, гора, река, лес, океан, озеро, остров, полуостров, порт<br/> Население, житель, национальность<br/> Идет дождь, снег, град...<br/> Светит солнце. Дует ветер.<br/> Погода стоит...<br/> Ожидается...<br/> Времена года. Зимой, летом,...<br/> Холодно, тепло...<br/> Кто он по национальности?<br/> Откуда он родом?</p> <p>(féach: Déileáil le taisteal agus cúrsaí iompair)<br/> (féach: Teaghlach agus baile a phlé)</p> <p>Я хотел бы.../Мне хотелось бы...<br/> Потому что...<br/> Comparáideach agus sárchéim</p> |

## 1.4 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

### Labhairt faoi fhoghlaim

#### Spriocanna Feidhmíochta

- Cumarsáid sa seomra ranga
  - cúnaimh a lorg
  - mínithe a lorg
  - faisnéis a lorg
  - iarraidh conas rud a rá i Rúisis
  - iarraidh cad a chiallaíonn rud i mBéarla/Gaeilge
  - iarraidh ar dhuine rud a athrá
  - iarraidh ar dhuine éigin rud a rá níos moille
  - cur in iúl nach dtuigeann tú rud éigin
- rud a lorg (m.sh. foclóir, téacsleabhar, peann luaidhe,...)
- moladh a dhéanamh chun rudaí a dhéanamh -> freagairt ar mholadh
- cur in iúl cé atá as láthair agus cén fáth
- leithscéal a ghabháil toisc bheith déanach nó toisc iompraíocht dho-ghlactha
- obair ghrúpa/phéire a eagrú
- gníomhaíocht a thosú, a chríochnú agus a athrú

#### Scileanna Teanga

- Máistreacht ar réimse leathan foclóra maidir le cúrsaí oideachais (ainmneacha na n-ábhar, bunaíochtaí oideachais, struchtúir i scoil/ollscoil, gníomhaíochtaí seach-churaclaim...) seomra ranga (troscán, trealamh...) foirgneamh scoile agus saoráidí
  - briathra atá gaolmhar leis an bpróiseas oideachais
- Ceanúlachtaí/mícheanúlachtaí/tosaíocht a chur in iúl
- Dioscúrsa an tseomra ranga
  - Tuiscint a chur in iúl
  - Cuireadh a thabhairt do dhuine rud a dhéanamh
  - Mian/cuspóir a chur in iúl
  - Am a chur in iúl

#### Struchtúir agus Gramadach

Заниматься, учиться, учить, изучать  
Я больше люблю...

Аimsir Láithreach  
Ordaitheach + gnéithe  
Я хочу...  
Я хочу, чтобы...  
В... час/часа/часов  
Без пяти час  
Пять минут второго  
С... до...



## 1.5 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

### Fiafraí faoi agus cur síos a dhéanamh ar chúrsaí oibre

#### Spriocanna Feidhmíochta

- Fiafraí agus a shonrú cad a dhéanann duine
- Fiafraí agus a shonrú cá bhfuil duine ag obair
- Fiafraí agus a shonrú cén áit gur mhaith le duine oibriú

| Scileanna Teanga  | Struchtúir agus Gramadach  |
|---|--|
| <ul style="list-style-type: none"><li>• Gairm bheatha a chur in iúl</li><li>• Suíomh a chur in iúl</li><li>• Dul i dtaithí ar bhriathra a dhéanann cur síos ar chineálacha oibre</li><li>• Mian/cuspóir a chur in iúl</li></ul> | <p>Кто он/она по профессии?<br/>Кем он/она работает?<br/>Где он работает?<br/>Что он делает?<br/>Кем он/она хочет стать?</p> <p>На кого он учится?</p> |

## 1.6 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

### Fiafraí faoi agus cur síos a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí áineasa

#### Spriocanna Feidhmíochta

- Ceanúlachtaí agus mícheanúlachtaí a chur in iúl
- Tuairimí a nochtadh faoi léirithe m.sh. foscadh, leadrán
- Cuireadh a thabhairt do dhuine rud a dhéanamh/freagairt
- Faisnéis a lorg faoi cad atá ar siúl, cén áit agus cén uair; fiosrú faoi phraghsanna na dticéad/na gclár
- Ócáidí Sóisialta: déanamh, cealú, atráth na socruithe chun casadh le duine
- Moladh rud a dhéanamh/aontú le moladh/moladh a dhiúltú

| Scileanna Teanga   | Struchtúir agus Gramadach  |
|--|--|
| <ul style="list-style-type: none"> <li>• Ceanúlachtaí agus mícheanúlachtaí a chur in iúl</li> <li>• Tuairimí a nochtadh</li> <li>• Gníomhaíocht áirithe a mholadh</li> </ul>   | <p>Я люблю.../Мне нравится...<br/>Мне понравился...</p> <p>По-моему...<br/>Мне было скучно,...</p> <p>Briathra gluaiseachta/dobhriathra suímh (gluaiseacht):<br/>Давайте, пойдём в/на/к...<br/>Идём/пойдём в/на/к...</p> <p>Briathra gníomhaíochta réamhshuite:<br/>Приходи/заходи ко мне (в гости).<br/>Я (не) могу ...<br/>Я свобод-ен (-на)/занят (-а)</p> <p>Заниматься, увлекаться, интересоваться (чем?); играть (в/на)<br/>Úsáid na gceisteanna:<br/>Что (когда, где) идет...?<br/>Сколько стоит билет на...?</p> |
| <ul style="list-style-type: none"> <li>• Cuireadh a thabhairt do dhuine teacht ar cuairt</li> <li>• Cur in iúl an bhfuil duine saor nó nach bhfuil</li> <li>• Dul i dtaithí ar réimse foclóra maidir le tóireacha scíthe</li> <li>• Faisnéis fhíriciúil a aimsiú faoi eachtraí cultúrtha/spóirt</li> </ul> |  |

## 1.7 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

### Pleananna a cheapadh agus díospóireacht a dhéanamh faoi ghníomhú sa todhchaí

#### Spriocanna Feidhmíochta

- Fiafraí faoi phleananna saoire atá ag duine
- Fiafraí de dhuine faoina bpleananna ó thaobh cúrsaí staidéir agus/nó féidearthachtaí gairmréime
- Socruithe a athrú nó a chur ar ceal
- Rúin a chur in iúl
- Cur síos ar do phleananna saoire féin
- Cur síos ar do phleananna féin ó thaobh cúrsaí staidéir agus/nó féidearthachtaí gairmréime sa todhchaí
- Cuireadh a thabhairt do dhuine rud a dhéanamh
- Socruithe a dhéanamh
- Tairiscint rud a dhéanamh

#### Scileanna Teanga

- Dul i dtaithí ar choincheap na todhchaí
- Fiosrú faoi agus rún a chur in iúl
- Údar agus cúis a chur in iúl
- Cuspóir a chur in iúl
- Máistreacht ar réimse leathan foclóra maidir le
  - ionaid saoire
  - tóireacha scíthe (*féach* Fiosrú agus plé faoi thóireacha scíthe)
  - pleananna staidéir/gairmréime (*féach* Labhairt faoi fhoghlaim agus fiosrú agus plé faoi chúrsaí oibre)

#### Struchtúir agus Gramadach

Aimsir fháistineach  
 Úsáid na haimsire láithrigh leis an todhchaí a chur in iúl  
 Dobhriathra a thugann an todhchaí le fios  
**Собира́ться** + infinideach  
 Fochlásal le: **потому что**  
 Fochlásal le: **чтобы**

## 1.8 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

### Labhairt faoi eachtraí i saol na ndaoine

#### Spriocanna Feidhmíochta

- Iarraidh agus a rá céard a tharla, cén uair, cén áit agus cén fáth
- Tuairisciú cad a rinne/nach ndearna duine le duine eile, cén uair, cén áit agus cén fáth (cúis) agus le cén rún (cuspóir)
- Tuairisciú cad a dhéanann/nach ndéanann duine le duine eile, cén uair, cén áit, cén fáth (cúis) agus le cén rún (cuspóir)
- Tuairisciú cad a dhéanfaidh/nach ndéanfaidh duine le duine eile, cén uair, cén áit, cén fáth (cúis) agus le cén rún (cuspóir)
- Tuairisciú cad a dhéanfaidh/nach ndéanfaidh duine le duine eile cén uair, cén áit, cén fáth (cúis) agus le cén rún (cuspóir) má...

#### Scileanna Teanga

- Feasacht ar an gcóras labhartha a fhorbairt
- Caidrimh ama a chur in iúl
- Gaoil chúisíocha a chur in iúl

#### Struchtúir agus Gramadach

Úsáid na haimsire, an ghné agus an mhodh (coinníollach)

Úsáid ar réamhfhocail, dobhriathra, cónaisc chun seicheamh ama a chur in iúl:

Сначала..., а потом...; с... до...; после; через; назад

Úsáid ar réamhfhocail, dobhriathra, cónaisc chun gaoil chúisíocha a chur in iúl

## 1.9 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

### Déileáil le cúrsaí iompair agus taistil

#### Spriocanna Feidhmíochta

- Treoracha a lorg, bealaí optamacha
- Plé a dhéanamh faoi shonraí aistir agus cinntí a dhéanamh fúthu
- Súile, tosaíochtaí agus féidearthachtaí saoire a phlé
- Fiosrú faoi dhátaí/amanna oscailte/dúnta, imeachta/sroichte
- Fiosrú faoi shaoráidí (seomra níos álainn/leithreas, sólaistí)
- Fiosrú agus cur in iúl faoi shaoráidí turasóireachta (caisleáin, láithreacha, músaem, taispeántais, turais)
- Fiosrú agus cur in iúl faoi phleananna deireadh seachtaine/saoire
- Treoracha a thabhairt
- Suíocháin nó cábáin a chur in áirithe ar thraenacha, busanna, longa agus eitleáin agus iad a éileamh.
- Líon agus cineál ticéad a shonrú m.sh. rang, singil/filte

| Scileanna Teanga   | Struchtúir agus Gramadach  |
|--|--|
| <ul style="list-style-type: none"> <li>• Faisnéis a thuiscint/faisnéis a chur in iúl go hachomair</li> </ul>     | <p>Úsáid na gceisteanna<br/>           Úsáid na mbriathra aisfhillteacha: <b>открывается, закрывается, продается направо, налево, прямо</b></p>  |
| <ul style="list-style-type: none"> <li>• Treo a chur in iúl</li> <li>• Treoracha a thabhairt</li> </ul>          | <p>Úsáid an ordaithe, <b>идите</b><br/>           Úsáid na mbriathra gníomhaíochta réamhshuite<br/>           Úsáid an chloig 24-uair<br/>           Úsáid na comparáide agus na sárchéime, <b>лучше + infinideach</b></p> |
| <ul style="list-style-type: none"> <li>• Am a chur in iúl</li> <li>• Tosaíocht a chur in iúl</li> </ul>          |  |
| <ul style="list-style-type: none"> <li>• Mian a chur in iúl</li> <li>• An córas labhartha a thuiscint</li> </ul> | <p><b>Я хочу купить.../заказать...</b><br/>           Úsáid na haimsire láithrigh le tagairt don todhchaí: <b>я еду...</b></p>   |

## 1.10 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

### Earraí agus seirbhísí a cheannach

#### Spriocanna Feidhmíochta

- Fiafraí faoi phraghsanna agus sóinseáil
- Nithe a lorg sa siopa, oifig an phoist...
- Airgead nó seiceanna i mbainc nó in oifigí malartaithe airgid
- Fáil amach faoi laethanta/uaireanta oscailte/dúnta
- An earra áirithe atá uait a aithint: cainníocht, méid, dath, praghas
- Codanna difriúla an tsiopa agus oifig an phoist a aimsiú...
- Na meáin agus seirbhísí teileafóin a úsáid le fáil amach an bhfuil earraí agus seirbhísí áirithe ar fáil

#### Scileanna Teanga

- Déileáil le huimhreacha
- Fiosrú, idirbheartaíocht, roghnú
- Díchódú a dhéanamh ar fhoirmeacha giorraithe teanga, e.g. i bhfógraíocht, fógraí bheaga

#### Struchtúir agus Gramadach

Sonraí ar mhéid, costas, cainníocht, meáchan  
Foirmeacha ceisteacha; nathanna tosaíochta

## 1.11 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta Teachtaireachtaí a chur ar aghaidh

### Spriocanna Feidhmíochta

- Cead a iarradh lorg rud éigin a dhéanamh
- Moltaí a dhéanamh
- Comhairle a thabhairt
- Éilimh a dhéanamh
- Ordú do dhuine rud a dhéanamh nó gan é a dhéanamh

### Scileanna Teanga

- Máistreacht ar struchtúir atá riachtanach le cúrsa gníomhaíochta a éascú

### Struchtúir agus Gramadach

Dobhriathra modail: (не) нужно, (не) надо,  
можно, нельзя  
Construálacha tabharthacha: Куда мне? Что  
мне делать?

## 1.12 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

### Mothúcháin agus dearcadh a thuiscint agus a chur in iúl

#### Spriocanna Feidhmíochta

- Ceanúlacht, mícheanúlacht agus tosaíocht a chur in iúl
- Creideamh a chur in iúl
- Cinnteacht a chur in iúl
- Díomá a chur in iúl
- Díchreideamh a chur in iúl
- Dóchas a chur in iúl
- Uafás nó náire a chur in iúl
- Taitneamh a chur in iúl
- Sástacht, míshástacht agus neamhshuim a chur in iúl
- Iontas agus aiféala a chur in iúl
- Éiginnteacht a chur in iúl

#### Scileanna Teanga

- Cumas a fhorbairt le freagairt go hoiriúnach do réimse cúinsí

#### Struchtúir agus Gramadach

Жаль/жалко! Здорово! Молодец! Да, нет!  
Ну, что вы! К сожалению,... К счастью,...  
С удовольствием! Конечно. Безусловно.  
Кошмар! Оболдеть!



## 1.13 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

### Comhrá a choinneáil ar siúl

#### Spriocanna Feidhmíochta

- Athrá nó soiléiriú a lorg
- Dearbhú gur tuigeadh rud éigin
- Clabhsúr a chur ar chomhrá
- Easpa tuisceana a chur in iúl
- Comhrá a thosú

#### Scileanna Teanga

- Íogaireacht a fhorbairt maidir le húsáid sainréime
- Feasacht a fhorbairt faoi oiriúnacht na bhfoirmlí le comhrá a thosú agus a thabhairt chun críche
- Úsáid na bhfoirmeacha ceiste a úsáid

#### Struchtúir agus Gramadach

Úsáid oiriúnach na bhforainmneacha agus na bhfoirmeacha briathra pearsanta - foirmeálta agus neamhfoirmeálta

Вы не скажете,.../Скажите, пожалуйста,...

## 1.14 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

### Páirt a ghlacadh i ndíospóireacht

#### Spriocanna Feidhmíochta

- Clabhsúr a chur le díospóireacht
- Barúil a thabhairt faoi rud
- Pointí a chur in eagar le linn díospóireachta
- Tabhairt le fios go bhfuil rud fíor nó bréagach

| Scileanna Teanga  | Struchtúir agus Gramadach   |
|---|---|
| <ul style="list-style-type: none"><li>• Fiosrú faoi thuairim agus í a chur in iúl</li></ul>   | Как ты думаешь? Как по-твоему?<br>Я (не) думаю.../Я считаю.../Мне кажется...  |
| <ul style="list-style-type: none"><li>• Cinnteacht/Éiginnteacht a chur in iúl</li><li>• Tuairim a nochtadh</li></ul>                              | Я уверен(а)/Я знаю, что...<br>Кажется; может быть<br>По-моему; на мой взгляд  |
| <ul style="list-style-type: none"><li>• Fiosrú faoi chomhaontú/easaontú agus iad a chur in iúl</li><li>• Clásail contrárthachta a úsáid</li></ul> | Я (не) соглас-ен(-на); ты (не) прав(а)<br>С одной стороны..., с другой...<br>Одни считают..., а другие...<br>Например; как например |
| <ul style="list-style-type: none"><li>• Sampla a thabhairt</li><li>• Focail oiriúnacha tuismitheora a úsáid</li></ul>                             | Значит; итак; во-первых/во-вторых/в-третьих;<br>в заключении  |

## 1.15 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

### Teachtaireachtaí a chur ar aghaidh

#### Spriocanna Feidhmíochta

- Tairiscint go dtabharfaidh tú teachtaireacht
- Teachtaireacht a thabhairt do dhuine éigin
- Cur in iúl cé uaidh a tháinig an teachtaireacht
- Déileáil le teachtaireachtaí ar ghléas freagartha

#### Scileanna Teanga

- Ábhar na teachtaireachta a chur in iúl
- Foirmeacha teanga a thrasfhoirmiú le teachtaireachtaí a leathnú

#### Struchtúir agus Gramadach

Úsáid na cainte díriú/indíriú  
Láimhsiú na bhfoirmeacha teanga

**ARDTEISTIMÉIREACTH RÚISIS**

**2. CUSPÓIRÍ IOMPRAÍOCHTA  
FEASACTH TEANGA**

## 2. FEASACHT TEANGA

Is teanga fíor-infhilleach í an Rúisis agus, fiú amháin sa bhunthréimhse foghlama, tá feasacht bhunúsach áirithe de dhíth ar na bealaí a dhéantar a chiall a eagrú agus a chur in iúl. Beidh sé de dhíth ar mhic léinn eolas agus tuiscint a fháil ar na catagóirí agus coincheapa gramadaí a leanas, chun bunchloch láidir a bhunú atá mar réamhchoinníoll, chun cumasú dóibh leanúint le staidéar na teanga do neamhspleách.

- Catagóirí comhréireacha (codanna urlabhra)
- Comhaontú (ainmfhocal agus mionathraitheoir ainmfhoclach; ainmní agus faisnéis)
- Inscne agus uimhir
- Caidrimh chomhréireacha (tuiseal)
- Deilbhíocht (díorthaithe agus infhillteach)
- Caidrimh ama (aimsir agus dreach)

### 2.1 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

#### Foghlaim faoi Rúisis ó ábhar sa teanga sin

##### Spriocanna Feidhmíochta

- Tuiscint a fháil ar phríomheilimintí ábhair an sprioctheanga (ailt nuachtáin & irisí, srl.) ag déileáil le topaicí a bhaineann le cúrsaí teanga cosúil le:
  - teanga mar cheist shóisialta, réigiúnach agus oideachais
  - athruithe sa teanga agus in úsáid na teanga (focail nua, tionchar ón iasacht, is araile)
- Giotáí gearra ó theácsanna liteartha an sprioctheanga a úsáid mar fhoinsé faisnéise agus léirithe teanga

## 2.2 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

### Brí agus bríonna a scrúdú

#### Spriocanna Feidhmíochta

- Na príomhphointí a bhaint as ábhar labhartha nó scríofa an spriotheanga
- Fáil amach cad iad tagairtí iontuigthe na ráiteas in ábhar labhartha nó scríofa an spriotheanga
- Tuairim éirimiúil a thabhairt faoi bhrí na bhfoirmeacha teanga, bunaithe ar fhoirmeacha gaolmhara an spriotheanga agus/nó teangacha eile (m.sh. teacht ar bhrí ainmfhocail ó bhriathar gaolmhar)
- Foghlaim faoin chaoi a fheidhmíonn an spriotheanga trí ghníomhaíochtaí ar nós:
  - abairtí ciallmhara comhleanúnacha sa spriotheanga a dhéanamh d'fhocail, frásaí agus clásail sa teanga sin a bhfuil bearnaí iontu.
  - píosaí ciallmhara comhleanúnacha sa spriotheanga a dhéanamh d'abairtí sa teanga sin a bhfuil bearnaí iontu.

## 2.3 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

### An ceangal idir teanga agus dearcadh a thuiscint

#### Spriocanna Feidhmíochta

- "Tuin" ghinearálta (íoróineach, feargach, breastaíoch is araile) na teanga labhartha nó scríofa a aithint ón léacsas, an gramadach agus an tuin chainte, agus poncaíocht a úsáideadh.
- Dearcadh an té atá ag scríobh nó ag caint a aithint (criticiúil, tacúil, moltach nó cáinteach mar shampla) ón gcaoi a úsáideann an té sin an teanga

## 2.4 Gníomhaíocht Ginearálta/Téama

Scríobh agus labhairt faoin taithí atá agat ar úsáid an sprioctheanga

### Spriocanna Feidhmíochta

- Labhairt faoi ghnéithe den taithí agat ar úsáid an sprioctheanga, cosúil le:
  - an méid ama atá tú á foghlaim
  - an áit a bhfuil tú á foghlaim
  - an tairbhe a bhaineann lena foghlaim ó thaobh úsáid na teanga sin san Eoraip agus ar fud an domhain
  - rudaí a chuaigh deacair ort, nó a bhí éasca, agus tú á foghlaim
  - na rudaí a thaitníonn leat agus nach dtaitníonn leat maidir leis an gcaoi a bhí sí á foghlaim agat
- Cur síos agus barúil a thabhair ar bhealach ar bith ina bhfuil do rannpháirt phearsanta féin agat i bpróiseas foghlama an sprioctheanga
- Cur síos a dhéanamh ar na bealaí a ndeachaigh foghlaim an sprioctheanga i gcionn ar an saol atá agat faoi láthair (cairde nua, taitneamh a bhaint as leabhair, scannáin, ceol, an dearcadh atá agat i leith chultúir eile mar shampla) agus deiseanna a d'fhéadfadh a bheith agat amach anseo (taisteal, deiseanna gníomhréime agus tuilleadh foghlama teanga mar shampla)



## 2.5 Gníomhaíocht Ginearálta/Téama

Leas a bhaint as ábhair thagartha (e.g. foclóirí agus leabhair ghramadaí) a bhaineann le foclóir agus gramadach na Rúisise

### Spriocanna Feidhmíochta

- Focail a úsáid go feiliúnach cruinn le cabhair foclóirí.
- Foghlaim conas déileáil le foclaíocht shimplí gramadaí sa sprioctheanga
- Leaganacha cainte an sprioctheanga a úsáid i gceart le cabhair na míniúchán a thugtar sna leabhair ghramadaí maidir leis an sprioctheanga scríofa i nGaeilge nó i mBéarla nó sa sprioctheanga

**ARDTEISTIMÉIREACT RÚISIS**

**3. CUSPÓIRÍ IOMPRAÍOCHTA  
FEASACT CHULTÚRTHA**

## 3. Feasacht Chultúrtha

Os rud é go bhfuil fochialla fíor-dhifriúla ag coincheapa bunúsacha i Rúisis (дом, брат, сестра) ná mar atá i gcomhthéarmaí teanga an Bhéarla (teach/túrcheap, caidreamh deartháir/fireannach na linne céanna, caidreamh deirfiúr/baineannach na linne céanna), tá sí riachtanach go mbeadh feasacht chultúrtha sníofa go dlúth i dteagasc/sealbhú na teanga.

### 3.1 Gníomhaíocht Ginearálta/Téama

Foghlaim sa sprioctheanga faoin gcultúr reatha atá gaolmhar leis an sprioctheanga

#### Spriocanna Feidhmíochta

- An bunbhrí a bhaint as ábhar scríofa nó labhartha (ailt nuachtáin agus irisí, ábhar éisteachta agus téacsanna liteartha) faoi shaol an sprioctheanga faoi láthair ar nós na nithe seo a leanas:
  - gníomhaíochtaí laethúla (siopadóireacht, taisteal chun na hoibre, ithe agus ól srl.)
  - nósanna agus traidisiúin
  - cúrsaí ealaíon agus siamsaíochta
  - réim agus ról na meán cumarsáide

### 3.2 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

Giotaí léitheoireachta ó théacsanna liteartha nua-aoisí an (úrscéalta, gearrscéalta, dánta agus drámaí go sonrach) sprioctheanga

#### Spriocanna Feidhmíochta

- Bunbhrí na céille is follasaí a bhaint ón ngiota de théacs liteartha nua-aoisí sa sprioctheanga
- Bríonna atá i láthair a aithint, ach nach luaitear go follasach i téacs mar seo
- "Tuin" a bhí i téacs mar seo a bhrath

### 3.3 Gníomhaíocht Téama/Ginearálta

## Cur síos agus pé a dhéanamh ar chúrsaí an tsaoil a bhaineann le pobal an sprioctheanga

#### Spriocanna Feidhmíochta

- Cur síos a dhéanamh ar na cosúlachtaí agus na difríochtaí atá idir gnáthshaol na hÉireann agus ceann de na pobail ghaolmhara agus tagairt faoi leith a dhéanamh do:
  - áit chónaithe atá ag daoine
  - an t-oideachas a chuirtear ar dhaoine
  - an obair atá ag daoine
  - an méid a thuilleann daoine i bpoist éagsúla
  - na laethanta saoire atá ag daoine agus conas a dhéantar iad a úsáid
  - an chaoi a chaitheann daoine an t-am saor atá acu
  - na saoráidí iompair atá ar fáil
  - na saoráidí a mbíonn daoine ag súil leo ina mbailte móra, ina gcathracha agus ina sráidbhailte
  - na rudaí a itheann agus a ólann na daoine agus na háiteanna agus na huaireanta a ndéanann siad é sin
  - na cineálacha siopaí atá ar fáil
  - na cineálacha seirbhísí poiblí atá ar fáil (scoileanna, ospidéal, linnte snámha mar shampla)
  - na gnéithe sin den timpeallacht nádúrtha a ndéantar tagairt dóibh go minic le linn comhrá agus/nó a bhfuil baint acu le cúrsaí oibre nó caitheamh aimsire
- Plé a dhéanamh ar na buntáistí atá ag saol na hÉireann agus saol an sprioctheanga faoi seach i gcás na réimsí taitheí thuasluaite.
- Na difríochtaí idir iompar sóisialta in Éirinn agus pobal an sprioctheanga maidir le gnáthchúrsaí an lae agus an baol atá ann go bhféadfadh míthuiscint, masla nó cion tarlú dá bharr.
- Steiréitíopaí náisiúnta a scrúdú go criticiúil

### 3.4 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

Gnéithe den chaidreamh idir phobal an sprioctheanga agus Éirinn a thuiscint, cur síos a dhéanamh orthu agus iad a phlé

#### Spriocanna Feidhmíochta

- Cur síos ginearálta a dhéanamh ar na naisc idir Éirinn agus pobal an sprioctheanga (cúrsaí tionscail, cultúir, litríochta, turasóireachta, spóirt, srl.)
- Barúlacha a thabhairt gur mhaith an rud é naisc na hÉireann leis an bpobal atá i gceist a choinneáil, a fhorbairt nó a athrú agus na tuairimí sin a chosaint

### 3.5 Gníomhaíocht/Téama Ginearálta

Ceisteanna a sháraíonn deighiltí náisiúnta a thuiscint, cur síos a dhéanamh orthu agus iad a phlé

#### Spriocanna Feidhmíochta

- Plé ar cheisteanna cosúil le:
  - tréithe cultúir na Rúise
  - tréithe staire na Rúise
  - sochaí le linn trasdula (ó stát láraithe go sochaí sibhialta)
  - áit na Rúise ar stáitse an domhain (An Rúis agus an Eoraip, An Rúis agus an t-Iarthar, An Rúis agus an Cianoirthear, An Rúis agus an Áise Láir)
  - na dúshláin atá ag stát ilchultúrtha (combhionannas ciníocha, mionlaigh eitneacha)
  - tírdhreach na Rúise (timpeallacht agus éiceolaíocht)
  - gnéithe de shaol comhaimseartha na Rúise (dealú idir ghlúine, combhionannas gnéis, sláinte agus nós maireachtála, dearcadh atá ag athrú maidir leis an gcaidreamh idir dhaoine (pósadh, an teaghlach, srl.)
  - Nósanna, traidisiúin agus gnásanna na Rúise
- Cur síos ar an gcaoi a théann ceisteanna mar sin i gcion ar dhaoine in Éirinn agus i bpobal an sprioctheanga
- Tuairimí pearsanta a shonrú agus a chosaint maidir le ceisteanna den tsórt

## **ARDTEISTIMÉIREACT RÚISIS**

### **4. MEASÚNÚ**





## 4. MEASÚNÚ

Is ar ábhar an tsiollabais a bheidh tascanna an scrúdaithe bunaithe i gcónaí Roghnóidh na scrúdaitheoirí réimse eilimintí ón siollabas a bheidh go measartha ionadaíoch gach bliain

### 1. Prionsabail Ghinearálta

- Ba chóir go mbeadh iarrthóirí ullmhaithe déileáil le cásanna agus tascanna ó ábhar iomlán an tsiollabais, agus iad curtha i dtoll a chéile ar bhealaí éagsúla.
- Beidh bailíocht "fhíor-shaoil" ag na tascanna sna ceithre scileanna éisteachta, léitheoireachta, labhartha agus scríbhneoireachta lena ndéantar teagmháil sa scrúdú nó beidh siad mar ullmhúchán d'fhíorthascanna.
- Beidh dealramh fíor-nádúrtha ar an gcineál teanga a úsáidfead sna tascanna éiste agus léite, chomh fada agus is féidir sin, agus beidh sé ina cabhair d'fhoghlaimoírí.
- Bainfidh measúnú na gceithre scileanna go príomha le glacadh agus tarchur céille.

### 2. Príomhchuspóirí

Déanfar gach iarrthóir a mheasúnú ar a gcumas:

- an sprioctheanga labhartha a thuiscint ina míreanna gearra agus i sliochtanna níos faide agus iad sin i gcomhthéacsanna difríochta agus i leaganacha éagsúla teanga.
- an sprioctheanga scríofa a thuiscint ina míreanna gearra agus ina bpíosaí níos faide agus iad sin i leaganacha éagsúla teanga.
- iad féin a léiriú go líofa agus ceart sa sprioctheanga, sa bhfoirm labhartha agus scríofa, d'fhonn cur síos a thabhairt ar eolas agus é a fháil agus a chur in iúl, mínithe a thabhairt, agus smaointe, tuairimí agus mothúcháin a léiriú;

### 3. Difreáil

Is í aidhm an tsiollabais freastal ar réimse leibhéal a bhaint amach. Déanfar measúnú ag Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal. Cé go bhfuil an siollabas mar an gcéanna don dá leibhéal, bainfidh na spriocanna feidhmíochta le húsáid teanga ó leibhéal éagsúla castachta.

Déanfar difreáil a éifeachtú trí mhodhanna: Dáileadh Marcanna/Ualú na Scileanna. Sa phróiseas sealbhaithe teanga ar bhonn leanúnach, tagann forbairt níos mó agus níos luaithe ar na scileanna gabhála (éisteacht agus léitheoireacht) ná na scileanna cumadóireachta (labhairt agus scríobh). Sa difreáil idir Ghnáthleibhéal agus Ardleibhéal, tabharfar níos mó marcanna do scileanna éisteachta agus léitheoireachta sa mheasúnú a dhéanfar don Ghnáthleibhéal ná mar a thabharfar dóibh sa mheasúnú don Ardleibhéal. Dá thoradh seo, déanfar breis marcanna a dháileadh ar scileanna bisiúla ag an Ardleibhéal ná ag an nGnáthleibhéal.

#### Dáileadh Marcanna

| ARDLEIBHÉAL      |     | GNÁTHLEIBHÉAL    |     |
|------------------|-----|------------------|-----|
| Labhairt         | 25% | Labhairt         | 25% |
| Cluasthuiscint   | 20% | Cluasthuiscint   | 25% |
| Léamhthuisicint  | 30% | Léamhthuisicint  | 40% |
| Scríbhneoireacht | 25% | Scríbhneoireacht | 15% |

#### Critéir an Mheasúnaithe

Cuirfidh siad seo san áireamh:

- cumas le ciall a tharchur
- céimeanna beachtais agus oiriúnachta na teanga, lena n-áirítear raon an stóir focal agus na struchtúr a úsáidtear.

## 4. Formáid

Déanfaidh an scrúdú cumas iarrthóra a mheasúnú maidir le:

- an teanga labhartha a thuiscint
- an teanga scríofa a thuiscint
- cumarsáid a dhéanamh sa teanga labhartha
- cumarsáid a dhéanamh sa teanga scríofa

Laistigh de gach ceann de na cuspóirí measúnaithe seo eascróidh na tascanna teanga agus scrúdaithe ag inneachar na n-ábhar.

### Measúnú Béil

Cuimseoidh comhpháirt bhéil an mheasúnaithe de *chomhrá ginearálta*, bunaithe ar ábhar an tsiollabais agus CEANN AMHÁIN de na roghanna seo: *Tionscadal*: is féidir le hiarrthóirí leas a bhaint as an rogha de thionscadal a phlé a bhfuil obair comhlíonta ag an iarrthóir air, agus a bhaineann le hábhar an tsiollabais *Sraith pictiúr*: reacaireacht scéalaíochta agus comhrá gearr ag eascairt ón scéal. Déanfar cúig déag nóiméad a leithdháileadh do gach iarrthóir. Beidh an scrúdú béil céanna ag gach iarrthóir (Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal).

### Cluastuiscint

Beidh dualgas ar iarrthóirí éisteacht le téipthaifeadadh agus ceisteanna a fhreagairt i mBéarla nó i nGaeilge ar a bhfuil cloiste acu. Beidh dualgas orthu tuiscint a léiriú ar fhaisnéis ghinearálta ar réimse spreagthaí cluasa ó inneachar ábhair an tsiollabais, a chuimsíonn comhráit a chualathas, fógraí poiblí, agus giotáí ón raidió agus foinsí eile. Beidh an téacs mar an gcéanna don dá leibhéal. Cuirfidh ábhair agus tascanna ag Ardleibhéal cúraimí níos mó ar an iarrthóir ná a chuirtear ag Gnáthleibhéal.

## Léamhthuiscint

Beifear ag súil go mbeidh iarrthóirí in ann tuiscint a léiriú ar éagsúlacht de chineáil téacsanna, lena n-áirítear comharthaí poiblí, biachláir, amchláir, bróisiúir, treoirleabhair, litreacha, ailt nuachtáin nó irise agus saothair litríochta. Beidh dualgas ar iarrthóirí tuiscint a léiriú chomh maith ar an gcomhthéacs cultúrtha ina bhfuil na téacsanna scríofa, trí nótaí gearra a scríobh ar eochairfhocail nó coincheapa a thagann aníos sna téacsanna. Mar atá le feiceáil sa tábla thíos, tá an dá leibhéal difreáilte ag líon tástálacha tuisceana agus ag na cineálacha téacsanna a iarrtar orthu a thuiscint.

|  | Gnáthleibhéal | Ardleibhéal |
|--|---------------|-------------|
| <i>Aisghabháil faisnéise (fógraíocht, fógraí...)</i> | x             |             |
| <i>Dioscúrsa breisithe a struchtúrú</i>              | x             | x           |
| Téacs reacaireachta                                  | roghnach      | x           |
| Téacs faisnéiseach                                   | roghnach      | x           |

### Gnáthleibhéal

*Aisghabháil faisnéise*

Cuirfear tiomsúchán de théacsanna gearra i láthair na n-iarrthóirí (fógraí, treoracha, tuairiscí gearra nuachtáin srl.).

Beidh na ceisteanna ag éileamh pointí sonracha faisnéise atá le fáil sna téacsanna.

*Dioscúrsa breisithe a struchtúrú*

Déantar na mic léinn a sholáthar leis na habairtí ar fad ón reacaireacht nó comhrá. Tá siad seo uimhrithe agus tugtha san ord mícheart. Tá sé de dhíth ar mhic léinn an t-ord ceart a chur in iúl.

*Scrúdú tuisceana ar phrós leanúnach*

Beidh téacs amháin socraithe:

- reacaireacht/samhlaíoch  
*nó*
- faisnéiseach (ag déileáil le gné áirithe de shocháil nó cultúr na Rúise).

### Ardleibhéal

Beidh an dá shliocht leanúnach leagtha amach mar a leanas:

- téacs iriseoireachta atá dioscúrsach nó faisnéiseach agus atá ag déileáil le gné áirithe de shochoaí nó cultúr na Rúise
- téacs liteartha/reacaireachta

#### *Dioscúrsa breisithe a struchtúráil*

Déantar na mic léinn a sholáthar leis na habairtí ar fad ón reacaireacht nó comhrá. Tá siad seo uimhrithe agus tugtha san ord mícheart. Tá sé de dhíth ar mhic léinn an t-ord ceart a chur in iúl.

### Saothar Scríofa

Déanfaidh na tascanna a cheaptar an t-iarrthóir a éileamh le teanga a úsáid chun críche cumarsáide ar nós mothúcháin agus meonta a léiriú, eolas a thabhairt agus a fháil, tuairisciú, aithris, mínithe a thairgeadh, achoimriú, mionsaothrú srl. Tá dualgas ar iarrthóirí sa Ghnáthleibhéal ceisteanna agus freagraí gearra a sholáthar. Tá dualgas ar mhic léinn san Ardleibhéal freagairt do spreagadh scríofa breise agus faisnéis a thraschódú nó a athchódú.

### Gnáthleibhéal

#### *Ceisteanna*

Cuirtear (a) dialóg/comhrá(ití) i láthair an iarrthóra, ina bhfuil na ceisteanna fágtha ar lár. Tá dualgas ar mhic léinn ceisteanna oiriúnacha a sholáthar i Rúisis.

#### *Freagraí*

Iarrtar ceisteanna ar mhic léinn fúthu féin (an teaghlach, an teacht, bealaí caitheamh aimsire srl.) a bhfuil dualgas orthu a fhreagairt i Rúisis.

#### *Tástáil iomlánaithe*

Cuirtear sliocht de phrós leanúnach i láthair an iarrthóra. Tá focail áirithe sa tuiseal ainmneach (ainmfhocail, forainmneacha, aidiachtaí) nó sa bhfoirm infinideach (briathra). Tá dualgas air/uirthi na focail a chur sa bhfoirm cheart.

### Ardleibhéal

#### *Prós breise*

Beidh dualgas ar iarrthóirí giota Rúise atá leanúnach a scríobh, a fhreagraíonn don téacs Rúise (m.sh. litir, fógra, pobalbhreith) atá priontáilte ar an bpáipéar scrúdaithe.

#### *Ceachtanna*

Déanfar éagsúlacht ceachtanna atá bunaithe ar spreagthaí scríofa a leagan amach. D'fhéadfadh na ceachtanna seo cuid de na nithe a leanas a chuimsiú:

- dialóg a thrasú go reacaireacht nó reacaireacht go dialóg
- na príomhphointí sa sliocht a shonrú.

#### *Tástálacha iomlánaithe*

Cuirtear sliocht de phrós leanúnach i láthair an iarrthóra. Tá focail áirithe sa tuiseal ainmneach (ainmfhocail, forainmneacha, aidiachtaí) nó sa bhfoirm infinideach (briathra). Tá dualgas air/uirthi na focail a chur sa bhfoirm cheart.

#### *Feasacht chultúrtha*

Iarrtar ar mhic léinn nótaí gearra a scríobh i Rúisis nó Gaeilge/Béarla ar na coincheapa príomha sa téacs spreagtha.







## **Nósanna imeachta maidir le Siollabais Náisiúnta**

Seo a leanas ballraíocht Choistí Cúrsa an CNCM don Ardeistiméireacht (Bunaithe):

- *Cumann na Meánmhúinteoirí, Éire*
- *Aontas Múinteoirí Éireann*
- *Comhchoiste na mBainisteoirí*
- *Cumann na Scoileanna Pobail is Cuimsitheacha*
- *Cumann na nÁbhar*
- *An Cumann Gairmoideachais in Éirinn*
- *Comhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais*
- *Comhdháil Cheannasaithe na nOllscoileanna in Éirinn*
- *An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (na Cigirí)*
- *Coimisiún na Scrúduithe Stáit*

Ar bhonn sainchúraim a chuireann an Chomhairle ar fáil, ullmhaíonn Coistí Cúrsa an CNCM na siollabais.

Cuirtear moltaí na gCoistí Cúrsa faoi bhráid Chomhairle an CNCM le haghaidh ceadaithe. Tar éis dóibh machnamh a dhéanamh ar a leithéid de mholtaí, tugann an CNCM comhairle don Aire Oideachais agus Eolaíochta dá réir sin.

Is féidir tuilleadh eolais a fháil agus teagmháil a dhéanamh leis an CNCM ag 24 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.



[íomhá]  
AN ROINN OIDEACHAIS  
AGUS EOLAÍOCHTA  
DEPARTMENT OF SCIENCE  
AND EDUCATION

[ÍOMHÁ]  
An Chomhairle  
Náisiúnta Curaclaim  
agus Measúnachta  
National Council for  
Curriculum and  
Assessment

**Arna fhoilsiú ag Oifig an tSoláthair**

Le ceannach go díreach ó:  
Oifig Díolta Foilseachán an Rialtais  
Teach Sun Alliance  
Sráid Molesworth, Baile Átha Cliath 2.

Nó trí phostdhíol ó:  
Foilseacháin an Rialtais, Earnáil Trádála Poist,  
51 Faiche Stiabhna, Baile Átha Cliath 2.  
Teil: 01-647 6834/5 Facs: 01-475 2760

Nó trí aon díoltóir leabhar.

**Praghas: €1.90**

Arna dhearadh ag: Langley Freeman Design Group Teo.

© 2002 Rialtas na hÉireann